C/2026/5398

15.10.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena gceaptar ionadaí ó na Ballstát ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia

(C/2026/5398)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint don ainmniúchán a chuir an Fhrainc faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardchaighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Ceanglaítear, le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, ar gach Ballstát ionadaithe a ainmniú ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha do Bhord Bainistíochta EFSA. Tá an Chomhairle leis na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú a cheapadh go ceann téarma 4 bliana, ar téarma é a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaithi an 27 Aibreán 2026 ([2]), ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030.

(4) I litir dar dáta an 22 Meitheamh 2026, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Gilles SALVAT, comhalta thar ceann na Fraince, as oifig.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, ionadaí nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe.

(6) Tá taithí agus saineolas forleathan ábhartha ag an ionadaí arna ainmniú ag an bhFrainc i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí chomh maith. Dá bhrí sin, lena ceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2030:

Élisabeth CLAVERIE DE SAINT MARTIN (an Fhrainc).

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 27 Aibreán 2026 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C, C/2026/2583, 30.4.2026, http://data.europa.eu/eli/C/2026/2583/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. O'BRIEN